



Gradam Na Nollag 2023



Gradam Naíonáin Bheaga - Múinteoir Róisín Nic Aoidh

Ainm: Joy Ní Leathleabhair

Is cailín deas, díograiseach í Joy. Oibríonn sí go cruá ar scoil i gcónaí agus bíonn sí ag éisteacht go cúramach. Tá a lán foghlaim a dhéanamh aici. Leanann sí na rialacha an t-am ar fad freisin. Is cailín iontach cabhrach, cineálta í. Bíonn sí i gcónaí ag cuidiú leis an múinteoir agus le páistí eile. Is Réalt thú amach is amach Joy! Coinnigh Ort!

Ainm: Oisín Ó Murchú

Is buachaill álainn, béasach é Oisín. Déanann sé a dhícheall ar scoil gach lá. Tá dearcadh dearfá i leith scoile aige i gcónaí. Éisteannt sé go cúramach le comhairle faoi a chuid oibre, cloíann sé le rialacha agus cuireann sé go mór le saol an ranga. Is breá linn go léir an pearsantacht atá aige. Maith Thú Oisín! Lean Ort!

Gradam Naíonáin Mhóra A - Múinteoir Fionnuala Nic Caba

Ainm: Dearbhla Nic Thréinfhir

Tá an gradam seo tuillte ag Dearbhla. Tá Dearbhla go h-iontach sa rang. Tá sí chomh cabhrach agus cineálta. Bíonn sí i gcónaí sona sásta. Cuireann sí meangadh gáire orm gach lá. #Déanann sí an-iarracht leis an obair ar fad. Tá obair iontach déanta aici an téarma seo. Is páiste iontach í agus tá mé chomh sásta go bhfuil sí i mo rang. Maith thú Dearbhla!

Ainm: Layla Ní Chléirigh

Tá an gradam seo tuillte ag Layla. Tá Layla go h-iontach sa rang. Tá Gaeilge iontach ag Layla. Tá sí chomh cabhrach agus cineálta. Tá sí lán le scéalta agus is breá linn iad a chloisteáil. Déanann sí an-iarracht leis an obair ar fad. Tá obair iontach déanta aici an téarma seo. Is páiste iontach í agus tá mé chomh sásta go bhfuil sí i mo rang. Maith thú Layla!

Gradam Naíonáin Mhóra B – Múinteoir Méabh Ní Ghribín

Ainm: Dáire Ó Shea

Comhghairdeas ó chroí le Dáire as Gradam na Nollag a bhuachan. Tá Dáire ag labhairt as Gaeilge i rith an lá scoile chomh fada agus is féidir leis. Léiríonn sé cineáltas agus meas sa rang agus sa chlós. Cuidíonn sé le daoine eile agus leis féin. Léiríonn sé meas leis na daltaí, baill fhoirne agus an timpeallacht. Léiríonn Dáire meas ar fearas na scoile. Tagann Dáire ar scoil in am gach lá. Tá Dáire ag déanamh iarracht lena obair scoile agus obair bhaile agus ag caitheamh am ag léamh leis féin agus le chéile gach lá. Claíonn sé leis na rialacha scoile agus léiríonn Dáire buíochas gach lá. Maith thú Dáire !

Ainm: Ashling Ní Aodha

Comhghairdeas ó chroí a Ashling, as Gradam na Nollag a bhuachan. Tá Ashling ag labhairt as Gaeilge i rith an lá scoile chomh fada agus is féidir léi. Léiríonn sí cineáltas agus meas sa rang agus sa chlós. Cuidíonn sí le daoine eile agus léi féin. Léiríonn sí meas leis na daltaí, baill fhoirne agus an timpeallacht. Léiríonn Ashling meas ar fearas na scoile. Tagann Ashling ar scoil in am gach lá. Tá Ashling ag déanamh iarracht lena obair scoile agus obair bhaile agus ag caitheamh am ag léamh léi féin agus le chéile gach lá. Claíonn sí leis na rialacha scoile agus léiríonn Ashling buíochas gach lá. Maith thú Ashling!

Gradam Rang 1A - Múinteoir Laura Ní Chiaráin

Ainm: : Michael Ó hArrachtáin

Tá mé an-sásta an ghradam seo a bhronnadh ar Michael de réir an iarracht iontach a chur sé isteach an téarma seo le bheith ag éisteacht go cúramach sa rang agus de bharr an iarracht a chur sé isteach lena obair scríofa. Tá feabhas mhór tágtha ar a scríbhneoireacht agus déanann sé a dhícheall é a chur i láthair go néata. Bíonn sé i gcónaí ag cabhrú leis an múinteoir sa rang agus taispeáineann sé béasaí álainn do chuile duine,

Maith thú Michael!

Ainm: Alfie Mac Con Rí

Tá an ghradam seo tuillte ag Alfie de bharr a cuid oibre ar fad an téarma seo. Cuireann sé a lán iarracht isteach leis an litríú nuair atá sé ag déanamh obair scríofa, éisteannt sé go cúramach i gconaí agus cuireann sé an obair i láthair go néata. Bíonn Alfie i gconaí ag cabhrú le páistí eile sa rang nuair atá cuidiú de dhíth uathu agus bíonn sé foighneach agus tuiscineach leo. Lean leis an obair mhaith. Maith thú Alfie!

Gradam Rang 1B – Múinteoir Sorcha Ní Chataaigh

Ainm: : Sofia Novhorodska

Táim iontach sásta an gradam a thabhairt don chailín seo. Is cailín cairdiúil, dícheallach í. Tá sár-obair déanta aici go dtí seo sa rang. Cuireann sí iarracht den scoth isteach ina cuid oibre agus déanann sí iarracht mhaith Gaeilge a labhairt. Tá sí ar fheabhas ag léamh.

Maith thú Sofia!

Ainm: Max Tirial

Tá áthas orm an gradam seo a thabhairt don bhuachaill seo. Is cara maith é agus réitíonn sé go maith le gach duine sa rang. Tá sé an-mhaith ag léamh agus ealaín. Bíonn sé i gcónaí ag tairiscint cuidiú le daoine eile.

Maith thú Max!



Gradam Na Nollag 2023



Gradam Rang 2 - Múinteoir Séamus Ó Tuama

Ainm: Lika Sevostjanova

Is cailín deas, cineálta agus greannmhar í Lika. Bíonn meangadh gáire ar a aghaidh gach maidin agus cuireann sí go mór le atmaisféar an rang. Tá Lika ag déanamh an-obair sa rang. Tá sí an-mhaith chun díriú isteach ar an obair go háirithe an scríbhneoireacht. Tá alán cairde ag Lika ar scoil agus ní bhíonn riamh aon fadhbanna aici sa chlós. Tá mé an-sásta leí!
Maith thú Lika!

Ainm: Ethan Mac Giolla Bhríd

Is buachaill deas, cineálta agus cruthaitheach é Ethan. Tá samhlaíocht iontach aige agus bíonn sé seo le feiceáil nuair a bíonn Ealaín nó scríbhneoireacht cruthaitheach ar siúl againn. Tá an-obair ar siúl ag Ethan sa rang agus tá mé an-sásta leis an obair agus an dul chun cinn atá déanta aige i rang a dó. Tá neart cairde ag Ethan sa rang agus sa scoil agus ní bhíonn aon fadhbanna aige sa chlós.
Maith thú Ethan!

Gradam Rang 3A - Múinteoir Laoise Ní Ghallachóir

Ainm: Ada May Ní Bhriain

Is cailín deas, cineálta agus cairdiúil í Ada. Déanann sí a dhícheall sa rang i gcónaí. Tá sí iontach maith ag baint úsáid as an Ghaeilge álainn atá aici, sa rang agus amuigh ar an gclós. Is cara maith í Ada do na páistí eile sa rang. Táim chomh sásta le Ada agus an iarracht atá curtha isteach aici leis an obair go dtí seo i mbliana. Maith thú Ada agus lean ort leis an obair iontach atá ar siúl agat!!!
Maith thú Ada May!

Ainm: Toby Mag Fhearraigh

Is buachaill deas, díograiseach é Toby. Tá sé iontach maith agus i gcónaí páirteach sa rang. Déanann Toby a dhícheall leis an Ghaeilge nuair atá sé ar scoil. Is cara maith é Toby sa rang a réitíonn go maith leis na páistí eile. Tá mé iontach sásta leis an méid oibre atá déanta ag Toby agus an cinéaltas a léirigh sé sa rang go dtí seo.
Maith thú Toby!!

Gradam Rang 3B – Múinteoir Peadar Ó Cadhan

Ainm: Olivia Nic Ráinne

Tá Olivia tar éis sár-iarracht a chur isteach ar a obair ón tSamhain ar aghaidh. Tá sí i gcónaí ag déanamh iarrachta láidire sa rang agus tá a meon ag feabhsú lá in aghaidh lae. Maith thú Olivia, coinnigh suas é!

Ainm: Mikey Ó Bruadau

Tá Mikey ag cur isteach iarracht iontach isteach sa rang i mbliana agus cé go mbíonn dúshláin roimhe, déanann sé a ndícheall leis an obair nuair a chuireann sé a mheon agus a hintinn chuige. Sár-jab Mikey, maith thú!

Gradam Rang 4A – Múinteoir Fiona Ní Leathleabhar/Bláthnaid Ní Néill

Ainm: Senan Seoighe

Tá mé an-sásta an gradam seo a bhronnadh ar Senan. Bíonn sé réidh le haghaidh aon ábhar a bhíonn ar siúl againn sa rang gach lá. Glacann sé páirt gníomhach sa rang agus déanann sé adhícheall. Lean ort! Is buachaill cairdiúil agus cabhrach é Senan. Déanann sé a dhícheall Gaeilge a úsáid sa rang agus ar an gclós. Maith thú Senan, tá seo tuillte go mór agat.

Ainm: Méabh Ní Chuinn

Is cailín cairdiúil, cineálta agus cabhrach í Méabh. Tá mé thar a bheith sásta leis an obair atá á dhéanamh ag Méabh. Tagann sí ar scoil gach lá le meangadh mór agus le meon dearfach. Bíonn sí ag éisteach sa rang. Tá Gaeilge álainn, líofa aici agus déanann sí an-iarracht í a úsáid sa rang agus ar an gclós. Maith thú Méabh. Tá an gradam seo tuillte go mór agat agus coinnigh ort!

Gradam Rang 4B – Múinteoir Catherine Nic Fhionnghaile

Ainm: Finn Ó Rachallaigh

Is buachaill cineálta é Finn agus is cara an-mhaith é. Tá sé díograsach agus thainig feabhas mór ar a chuid oibre ó thús na bliana. Cuireann sé a chroí isteach i ngach rud a dheanann sé ar scoil, go háitithe sa mhata, sport agus Gaeilge. Réitíonn sé go maith leis na páistí eile sa rang agus oibríonn sé go maith i ngrúpa. Bíonn sé i gcónaí sásta cabhrú leis an mhúinteoir agus le páistí eile. Cuireann sé go mór leis an rang agus tá súil agam go gcoinníonn sé suas an obair mhaith amach anseo. Maith thú Finn!

Ainm: Emilie Ní Loinsigh

Is cailín álainn í Emilie agus léiríonn sí meas agus cinealtas do gach duine sa rang i gconáí. Déanann sí an rud ceart agus bíonn sí cineálta le éinne atá brónach sa rang. Bíonn sí i gconáí sásta cabhrú leis an mhúinteoir agus déanann sí a dhícheall i ngach ábhar ar scoil. Ó thaobh Gaeilge de, labhraíonn sí Gaeilge an t-am ar fad agus is scríobhneoir agus ealaíntóir den scoth í! Tá an t-ádh liom go bhfuil Emilie i mo rang i mbliana! Lean ar aghaidh leis an obair mhaith! Maith thú Emilie!



Gradam Na Nollag 2023



Gradam Rang 5A – Múinteoir Siobhán Uí Thuathail

Ainm: Oscar Mac Searraigh

Tá an gradam tuillte ag Oscar mar go mbíonn sé ag obair go díograiseach sa rang i gcónaí. Aon uair a bhíonn obair scríofa ledéanamh ag Oscar, cuireann sé sár-iarracht isteach san obairsin. Bíonn sé sásta i gcónaí páirt a ghlacadh i ngach ábhar scoile agus is fear mór spóirt é a chuireann tréaniarracht isteach i gcluichí peile. Bíonn sé cairdiúil leis na páistí eile agus baineann sé sult as an gcomhlúadar sa rang. Maith thú Oscar!

Ainm: Carla Ní Chathmhaoil

Táim thar bheith sásta an gradam a thabhairt do Charla Nic Chathmhaoil. Is cailín stuama í Carla ar feidir brath uirthi tréaniarracht a chur isteach san obair scoile i gcónaí agus aon phost a thabhartar di a dhéanamh go ciallmhar. Réitíonn sí go han-mhaith leis na páistí eile sa rang. Baineann sí an-taitneamh as an bpeil agus imríonn sí spóirt i mbealach cothrom agus comhoibríonn sí leis na páistí eile ar an bhfoireann. Lean ort Carla!

Gradam Rang 5B – Múinteoir Fiona Blythe

Ainm: Chloe Nic Amhaláí

Tá mé lán sásta an gradam a bhronadh ar an gcailín seo. Cailín a bhfuil cruthaitheach, cinéalta agus díograiseach. Cuireann an cailín seo iarracht iontach isteach agus bíonn sí i gcónaí sásta labhairt agus spraoí le cibé duine ar an gclós. Tá mé iontach bródúil as an obair a rinne an cailín seo i dtéarma 1 agus tá mé ag tnúth go mór le haghaidh na téarma eile. Comhghairdeas leat Chloe, lean ort!

Ainm: Aaron Mac Gearilt Ó Somacháin

Tá mé lán sásta an gradam a bhronadh ar an mbuachail seo. Buachail álainn a bhfuil béasach, cinéalta agus díograiseach. Cuireann an buachail seo iarracht iontach isteach agus bíonn sé i gcónaí sásta cabhair a thabhairt d'aon duine. Tá mé iontach bródúil as an obair a rinne an buachail seo i dtéarma 1 agus tá mé ag tnúth go mór le haghaidh na téarma eile. Comhghairdeas leat Aaron, lean ort!

Gradam Rang 6A – Múinteoir Clara Nic an Tuille

Ainm: Charlie Ní Dhoinn

Is cailín cliste, ciallmhar agus aibí í Charlie. Is duine freagrach í agus bíomse in ann braith uirthi i gcónaí. Bíonn sí sásta cuidiú le gach éinne sa scoil. Bíonn Charlie dírithe ar an obair ranga agus bíonn sí ag iarraidh rudaí nua a fhoghlaim. Oibríonn sí go hiontach i ngrúpa agus ina haonar. Is ceannaire nádúrtha í agus bíonn sí ag faire amach do dhaoine eile timpeall na scoile. Maith thú Charlie agus lean ort!

Ainm: Mufaro Ndengu

Is duine díograiseach agus diongbháilte é Mufaro. Tá mé thar a bheith sásta leis na hiarrachtaí atá á dhéanamh aige ar scoil. Is iad cuid de na tréithe atá aige ná go bhfuil sé macánta agus ionbhách. Is cara iontach é do na páistí eile sa rang agus déanann sé cinnte nach mbíonn éinne fágtha amach. Tá Gaeilge álainn ag Mufaro agus tá sé bródúil as an nGaeilge atá aige. Maith thú Mufaro!

Gradam Rang 6B – Múinteoir Adrian Ó Dúill

Ainm: Aoibheann Ní Dhálaigh

Cailín atá tar éis dul chun cinn iontach a dhéanamh ó tús na bliana. Tá sí gealghaireach agus go leor cairde aici sa rang. Tá feabhas mór le feiceáil lena cuid féinmhuinín, agus obair díograiseach déanta aici sa Mhata go háirithe! Tá cur i láthair a cuid oibre go hálainn, agus cuireann sí go mór leis an obair atá i mbun sa rang, Is féidir brath uirthi agus obair ghrúpa i mbun againn. Molaim go hard thú!

Ainm: Senan Ó hEochagáin – Mac Muiris

Is buachaill gealghaireach, greannmhar agus iontach cliste é Senan! Bíonn ionchur iontach aige in aon comhrá ranga, le foclóir fairsing in úsáid aige go rialta. Tá sár iarracht déanta ag Senan freisin le cúrsaí STEM. Léiríonn sé na scileanna STEM seo agus smaointithe 'taobh amuigh den bhosca' i gcónaí i mbun aige. Maith thú Senan, lean ort!

Gradam Rang Ellen Ní Shúilleabháin

Ainm: Jake Toolin

Cuireann sé gliondar ó chroí orm an chéad Gradam na Nollag do Rang Ellen a bhronadh ar Jake. Tá Jake tar éis téarma iontach a chaitheamh i Rang Ellen. Tá Jake ag déanamh iarracht do-chreidte Gaeilge a labhairt ar scoil gach lá. Tá sé ag cur lena stórfhocal lá i ndiaidh lae agus ag baint úsáide as an nGaeilge atá aige gan drogall. Tá Jake ag díriú isteach go mór ar a scileanna éisteachta agus airde agus tá deá-éifeacht aige seo air agus é ar scoil. Lean ort leis an obair iontach, Jake! Maith thú!

Gradam an Phríomhoide – Máirín Ní Chonaire

Ainm: Ryan Ó Donnabháin

Buachaill é Ryan a chur fáilte Uí Cheallaigh romham nuair a thosaigh mé mar príomhoide sa scoil. Tá sé cairdiúil, gealghaireach agus cineálta le chuile dhuine ina theannta. Más amuigh sa chlós, ag siúl timpeall na scoile nó istigh sa seomra ranga atá sé bíonn sé béasach. Tugann sé cúnamh ní amháin ina rang fhéin ach timpeall na scoile chomh maith. Feicim sa rang é dírithe ar cibé rud atá ar siúl sa rang. Cloiseann tú Gaeilge álainn uaidh Ryan i gcónaí. Lean ort Ryan. Molaim go hard thú.



Príomhoide Máirín Ní Chonaire



